



“Sármhaitheas trí Cheannaireacht agus Bhainistíocht Chomhoibritheach”

Éascú Braisle

Cúlra na Scéime

Is í is aidhm don scéim seo cabhrú le scoileanna tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcumas ceannaireachta. Tugann an Roinn Oideachais agus Scileanna cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh i scéim phiolótach atá ceaptha chun éascaíocht a dhéanamh do scoileanna leas a bhaint as cumas ceannaireachta agus bainistíochta inmheánach agus iad a bharrfheabhsú ag gach leibhéal.

Sa scéim cuimseofar clár náisiúnta tionscadal a bhíonn ag oibriú ag an leibhéal áitiúil. Le gach tionscadal déanfar cuir chuige i leith ceannaireacht agus bainistíocht scoile a chíoradh a thabharfaidh rannpháirt do gach ball na bhfoirne ceannaireachta sinsearaí agus meánaí sna scoileanna rannpháirteacha agus a chumasóidh iad.

Dá bhrí sin tabharfar cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh i mbraislí nuálacha ag a mbeidh fíis chomhroinnte i dtaobh feabhsú scoile.

Chun críche an togra seo sainmhínítear braisle mar chnuasach ina bhfuil idir trí agus sé scoil a bheidh ag comhoibriú ar dhearadh, ar sheachadadh, ar mheasúnú agus ar scaipeadh torthaí na dtionscadal nuálach seo.

Beidh an scéim phiolótach, céim na n-iarratas san áireamh, ar siúl ó mhí na Samhna 2018 ar aghaidh agus beifear ag súil le planáil agus cur i ngníomh na dtionscadal ó mhí Feabhra 2019 ar aghaidh. Beidh an chéim phiolótach ar siúl go mí Mheithimh 2020.

Is iad na hIonaid Oideachais a bheidh mar óstaigh do na braislí. Bunóidh siad painéil phearsanra ón tríú leibhéal, ón earnáil ghnó agus ón tionscal a chuirfidh comhairle agus tacaíocht ar fáil agus a thacóidh le scoileanna. Beidh rochtain ar fáil do bhraislí scoile leis, ar sheirbhísí tacaíochta na ROS agus ar an Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL).

Ceapfaidh gach braisle Comhordaitheoir Braisle a fheidhmeoidh mar phointe teagmhála aonair don Ionad Oideachais.

Ról an Éascaitheora

- Freastal ar sheisiún oiliúna leath-lá chun ullmhú i gcomhair comh-éascaithe an tSeisiúin Eolais
- An Seisiún Eolais san Ionad Oideachais dhá uair an chloig (4p.m. - 6p.m.) a éascú



- A bheith i dteagmháil leis an gComhordaitheoir Braisle maidir le cruinnithe na braisle a eagrú agus a éascú
- Comhairle a chur ar an gComhordaitheoir Braisle i dtaobh áiteanna ina bhféadfaidís tacaíocht ar leith a fhoinsiú
- Feidhmiú mar Mheantóir don gComhordaitheoir Braisle
- Cumarsáid agus cinnteoireacht i gcomhar a chéile laistigh den mbraisle a éascú